Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

# Ollscoil Mhá Nuad
# Maynooth University

## Roinn na Nua-Ghaeilge
## Ollamh B

### An Ról

Tá scoláire den chéad scoth á lorg ag Ollscoil Mhá Nuad a thiocfaidh isteach san fhoireann mar Ollamh B le Nua-Ghaeilge. Beidh teist den chéad scoth ar an té a cheapfar maidir le taighde, scoláireacht agus foilseacháin, teagasc agus nuálaíocht oideachais, agus ceannaireacht acadúil. Beifear ag súil go gcuirfidh sí/sé go mór le teagasc, le taighde agus le próifíl na hOllscoile, agus go háirithe go gcuirfidh sí/sé ceannaireacht leanúnach ar fáil don disciplín.

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do straitéis ina bhfuil príomhspriocanna na hOllscoile, taighde agus scoláireacht, agus oideachas den scoth, fite fuaite ina chéile agus ina léirítear an meas céanna ar an dá ghné. Bítear ag súil go léireoidh na hOllúna ceannasaíocht intleachtúil éifeachtach, trína dtiomantas cruthaithe i leith an oideachais agus i leith an taighde, agus go gcuirfidh siad go mór le ceannasaíocht agus bainistíocht éifeachtach na Roinne, na Scoile, na Dáimhe agus na hOllscoile.

### Príomhdhualgais

**Bítear ag súil ó Ollamh de chuid na hOllscoile:**

- Go mbeidh sí/sé ar thus cadhnaíochta go hidirnáisiúnta i réimse an taighde agus na scoláireachta agus go gcuirfidh sí/sé leis an eolas sa réimse léinn;
- Go nglacfaidh sí/sé ceannaireacht ar thaighde agus ar scoláireacht ar leibhéal na Roinne, na Scoile, na Dáimhe agus na hOllscoile;
- Go gcothóidh sí/sé barr feabhais i dtaca leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim agus go spreagfaidh sí/sé an fhoireann chun nuálaíochta sa teagasc agus san fhoghlaim;
- Go mbeidh rannpháirtíocht aici/aige i dteagasc na bhfochéimithe agus na n-iarchéimithe: léachtóireacht, comhairliúcháin le mic léinn, agus stiúradh na mac léinn taighde san áireamh;
- Go mbeidh sí/sé páirteach i bhforbairt an churaclaim agus na gclár acadúil sa disciplín agus ar bhealach níos leithne;
- Go nglacfaidh sí/sé freagracht as tascanna bainistíochta agus riaracháin a bhaineann leis an Roinn, leis an Scoil, leis an Dámh agus leis an Ollscoil;
- Go mbeidh sí/sé ina b(h)all gníomhach den Ollscoil agus go mbeidh sí/sé páirteach in obair na hOllscoile i dtaca le cúrsaí for-rochtana, le comhoibriú, le hidirnáisiúnú, le rannpháirtíocht shóisialta agus le forbairt polasaí.



ECU GENDER CHARTER
Athena SWAN
Bronze Award

Éilíonn an Ollscoil go bhfeidhmeoidh na hOllúna mar Chinn Roinne nó mar Chinn Scoile nuair a iarrann an tUachtarán orthu é.

## Beidh ag an Iarrthóir is Oiriúnaí:

- Ardchumas Gaeilge (ar aon dul le cumas an dea-chainteora dúchais léannta, os cionn C2 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach) i labhairt agus i scríobh na teanga;
- Sárthuiscint ar theanga agus ar shaíocht na Gaeilge ó c.1200 AD anuas go dtí an lá atá inniu ann agus suim i ngach tréimhse de theanga na Gaeilge agus dá traidisiún liteartha siar go dtí an tús;
- Sárthuiscint ar an nGaeltacht agus ar shaíocht na Gaeltachta;
- Sártheist ó thaobh an taighde agus na scoláireachta i sainréimse(í) den Nua-Ghaeilge, rud a bheidh le sonrú i bpróifíl foilseacháin den scoth;
- Sártheist mar mhúinteoir ollscoile, mar stiúrthóir taighde dochtúireachta, agus mar nuálaí oideachais;
- Dea-theist mar scoláire a n-éiríonn leis/léi maoiniú a fháil ar thograí taighde;
- An cumas ceannaireacht láidir acadúil a chur ar fáil don Roinn, don Scoil agus ar fud na hOllscoile;
- Cruthúnas ar scileanna bainistíochta agus riaracháin;
- Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth;
- An cumas caidreamh éifeachtach a chothú le réimse leathan comhghleacaithe taobh istigh agus taobh amuigh den Ollscoil.

## An Ollscoil

Is ceann de cheithre cinn de chomhcholáistí Ollscoil na hÉireann í Ollscoil Mhá Nuad, agus in 2017 ainmníodh í i measc an 100 ollscoil is fearr ar domhan ar ollscoileanna iad atá níos lú ná 50 bliain ar an bhfód, de réir Rangú Domhanda ar Ollscoileanna a rinne Times Higher Education. Bunaíodh Ollscoil Mhá Nuad go foirmiúil mar ollscoil fhéinrialaitheach in 1997 ach is amhlaidh a théann stair na hollscoile siar chomh fada le bunú Choláiste Ríoga Naomh Pádraig in 1795 agus faigheann sí inspioráid ó oidhreacht a chuimsíonn breis agus 200 bliain d’oideachas agus de scoláireacht. Tá sí suite i mbaile ollscoile Mhaigh Nuad, 25 ciliméadar taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, príomhchathair na hÉireann.

Is institiúid nua-aimseartha í an Ollscoil atá fuinniúil, treoraithe ag an taighde, gníomhach, agus fréamhaithe i dtraidisiúin an oideachais liobrálaigh. Agus níos mó ná 12,000 mac léinn aici, tá Ollscoil Mhá Nuad ar an ollscoil is mó fás in Éirinn. Mar sin féin, tá cultúr coláisteach campais fós againn, rud a chabhraíonn linn go háirithe saineolas suntasach idirdhisciplíneach a chur i bhfeidhm agus muid ag plé le cuid de na dúshláin is bunúsaí atá le sárú ag sochaí an lae inniu. Tá próifíl shainiúil dhisciplíneach ag Ollscoil Mhá Nuad i gcomparáid le hinstitiúidí eile in Éirinn agus láidreachtaí taighde agus teagaisc aici sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta, san eolaíocht, san innealtóireacht leictreonach, sa ghnó, sa dlí agus in oiliúint múinteoirí. Tá institiúidí agus ionaid mhóra taighde ag an Ollscoil sna daonnachtaí, eolaíochtaí sóisialta, matamaitic, ríomhaireacht agus cumarsáid, sláinte dhaonna, gnó agus nuáil seirbhísí, athrú aeráide agus geoiríomhaireacht.

Faoi *Plean Straitéiseach na hOllscoile 2012-17*, tá an Ollscoil tar éis a cumas agus a cáil taighde a ardú, a curaclam fochéime a athrú as éadan, clárúcháin iarchéime a mhéadú agus í féin a dhéanamh níos idirnáisiúnta, níos éagsúla agus níos gníomhaí. Cuireann Ollscoil Mhá Nuad lenár gcóras náisiúnta oideachais ar dhóigh thábhachtach shuntasach, rud is léir don saol mór.

Tá an Ollscoil anois ag cur tús le tréimhse úr spreagúil le forbairt *Plean Straitéiseach na hOllscoile 2018-22* agus fís aici clú Ollscoil Mhá Nuad a dhaingniú mar "*ollscoil a aithnítear as sártheagasc, taighde den scoth, dearcadh domhanda, gníomhú éifeachtach leis an tsochaí a mbímid ag freastal uirthi, chomh maith lenár gcur chuige dearscnaitheach i dtaobh na ndúshlán a bhaineann le hardoideachas na linne seo.*"



Athena SWAN Bronze Award
ECU GENDER CHARTER

Tógann *Straitéis na hOllscoile 2018-22* ar an méid atá bainte amach go dtí seo againn, agus dírítear fuinneamh institiúideach agus acmhainní ar fhorbairt bhreise a dhéanamh ar thaighde agus ar oideachas iarchéime. Dírítear ar na nithe seo a leanas sa straitéis:

- infheistíocht spriocdhírithe i gcumas taighde i roinnt réimsí tosaíochtaí;
- cur leis an bpunann iarchéime agus an pobal iarchéime a mhéadú;
- na buntáistí iomlána a bhaint as an gcuraclam fochéime nuálach atá againn;
- cur le heispéireas na mac léinn;
- idirnáisiúnú cuimsitheach agus eiticiúil;
- comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus ilchultúrachas mar chumasóirí ardchaighdeáin léinn

Is é atá ar chúl na spriocanna straitéise sin an tiomantas atá againn chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine i dtús báire agus deiseanna a chur ar fáil dóibh chun forbairt agus fás a dhéanamh agus chomh maith leis sin infheistíocht a dhéanamh sna córais agus sa bhonneagar a theastaíonn chun ár gcuspóirí léinn agus oideachais a bhaint amach.

## Dámh agus Institiúidí Taighde

Tá Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta comhdhéanta de Ranna na Sean-Chlasaicí, na Staire, an Cheoil, na Fealsúnachta, Scoil an Léinn Cheiltigh, Scoil na Nuatheangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, Scoil an Bhéarla, Staidéar Meán agus Amharclainne agus an institiúid taighde, an Institiúid Ealaíon agus Daonnachtaí. Is é ról na Dáimhe comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí acadúla na rann éagsúil, maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach na rann agus tacú le cláir idir-rannacha. Tá roinnt institiúidí idirdhisciplíneacha ceaptha ag an Ollscoil chun tacú le taighde den scoth agus chun cumas taighde a fhorbairt sna disciplíní ar fad.

## An Roinn

Is cuid de Scoil an Léinn Cheiltigh Roinn na Nua-Ghaeilge. Tá ochtar d'fhoireann acadúil lánaimseartha sa Roinn mar aon le roinnt léachtóirí agus teagascóirí páirtaimseartha agus tairgeann sí céimeanna fochéime agus iarchéime i dtimpeallacht fhuinniúil foghlama, bunaithe ar a neart taighde i dteanga, i litríocht agus i saíocht na Gaeilge.

## Roghnú agus Ceapadh

- Ní thabharfar cuireadh chun agallaimh ach d'iarrthóirí a n-éireoidh leo an gearrliosta a bhaint amach;
- Beidh ar na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh cur i láthair gairid a dhéanamh;
- Ceadóidh an tUachtarán an ceapachán bunaithe ar thuairisc an bhoird roghnúcháin;
- Tá sé i gceist na hagallaimh a bheith ar siúl sa tseachtain **8 - 12 Meitheamh 2020.**
- Táthar ag súil go mbeidh feidhm leis an gceapachán ón 1 Meán Fómhair 2020.

## Téarmaí agus Coinníollacha

Ar leibhéal an Ollaimh a dhéanfar an ceapachán seo, agus dhá cheann de ghráid atá ann: Ollamh A agus Ollamh B. Déanfar an ceapachán seo ar leibhéal Ollamh B. Is ceapachán buan ar an bhfoireann acadúil a bheidh san ollúnacht a bheidh faoi réir Reachtanna na hOllscoile.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Is mór ag Ollscoil Mhá Nuad an saibhriú a thagann le pobal ilghnéitheach agus féachaimid le comhionannas a chur chun cinn, le leatrom a sheachaint agus le cearta daonna an uile dhuine a chosaint. Chun tuilleadh eolais a fháil ar ár dtiomantas don Chomhionannas agus Éagsúlacht, is féidir Polasaí Comhionannais agus Éagsúlachta Ollscoil Mhá Nuad a léamh Equality and Diversity Policy. Lena chois sin, mar Institiúid Athena SWAN Bronze Award, táimid tiomanta do chur chun cinn an chomhionannais inscne ar fud na hOllscoile.

Féachaimid le héagsúlacht an phobail sin a riaraimid air a léiriú agus fáiltímid roimh iarratais ó chách.

## Dlí Cosanta Sonraí

Déanfaidh Ollscoil Mhá Nuad próiseáil ar shonraí pearsanta a thugann tú mar chuid de d'iarratas ar an ról seo de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 2018.

Má éiríonn le d'iarratas agus má ghlacann tú le tairiscint fostaíochta ag Ollscoil Mhá Nuad, leanfar de phróiseáil do shonraí pearsanta de réir Fhógra Príobháideachais Sonraí Foirne Ollscoil Mhá Nuad.

Is féidir na fógraí príobháideachais agus tuilleadh eolais a bhaineann le cosaint sonraí, ar a n-áirítear polasaithe agus próisis eile um chosaint sonraí Ollscoil Mhá Nuad, a fheiceáil ag https://www.maynoothuniversity.ie/data-protection

## Tuarastal

Ollamh B (*Post* 1995): €86,118 – €114,236 p.a. (6 phointe)

Déanfar an ceapachán de réir threoirlínte pá na Roinne Airgeadais.

## Nós Imeachta Iarratais

Dáta deiridh:
23:30 (am na hÉireann) **Domhnach 17 Bealtaine 2020**

Ní mór iarratais a dhéanamh ar an bpost trínár **dTairseach Earcaíochta ar Líne** ag an nasc seo a leanas:

https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/vacancies

Caithfear iarratais a chur isteach faoin dáta deiridh agus faoin am a shonraítear thuas. Cealóidh an córas go huathoibríoch iarratais atá fós idir lámha ag an am deiridh ar an dáta deiridh sonraithe.

Ní ghlacfar le hiarratais mhalla.

**Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil Mhá Nuad**

**Tá an post seo faoi réir Reachtanna na hOllscoile**